Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13188/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0218(COD)**

**CODEC 1631**
**ENER 502**
**CLIMA 409**
**CONSOM 322**
**TRANS 363**
**AGRI 525**
**IND 481**
**ENV 1009**
**COMPET 896**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-THREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 194(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 9 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[3].

[1] 10746/21 + ADD 1 go 6.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 127.
[3] IO C 301, 5.8.2022, lch. 184.

4. An 12 Meán Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar aleagtar amach in PE- CONS 36/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir, agus an Pholainn ag vótáil ina choinne, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 12854/23.